| Ríomheolaíocht | **Meitheal Forbartha – Cruinniú 8 Ar Líne, an 8 Bealtaine 2025**<br>Cur Síos Gairid |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Forbhreathnú ar an tsonraíocht nuashonraithe** | Chuir an Feidhmeannas forbhreathnú ar fáil ar na nuashonruithe a rinneadh ar an tsonraíocht ag an gcruinniú roimhe sin, lena n-áirítear forbhreathnú tosaigh ón treoirstiúrthóir. |
| **Plé idir an mheitheal iomlán ar nuashonruithe** | Chuir an mheitheal fáilte roimh an eagarthóireacht ar an iomlán.<br>Áiríodh seo a leanas i bplé na meithle ar eagarthóireacht reatha ar an dréacht:<br>• 'Cruthaigh' a choimeád mar chuid de theanga an phróisis dearaidh agus forbartha<br>• An gá atá ann le soiléiriú gurb ionann an Tionscadal Obair Chúrsa agus an CMB<br>• Aontaíodh ar an téacs ar mheasúnú ar theangacha ríomhchlárúcháin a athrú go 'níl aon srian ar an rogha teanga a úsáidtear sna TFFanna agus sa Tionscadal Obair Chúrsa'.<br>• Chabhródh gluais d'acrainmneacha agus roinnt mionathruithe le léitheoirí ó thaobh soléiteachta de.<br>• Beidh FGL riachtanach chun na hathruithe a stiúradh<br>• Fáiltíodh roimh ghrafaicí nua chomh maith le roinnt athruithe molta ar an téacs maidir leis an bpróiseas dearaidh agus forbartha ó thaobh soiléireachta agus leanúnachais de. |
| **Comhairliúchán** | Rachaidh an dréachtsonraíocht trí bhealaí CNCM agus faomhadh á lorg le haghaidh comhairliúcháin ag leibhéal an Bhoird (an 11 Meán Fómhair) agus na Comhairle (an 25 Meán Fómhair).<br>Réimsí a d'fhéadadh teacht aníos sa chomhairliúchán ná bogadh ó 4 TFF go 3 TFF agus an tionchar a bheadh aige sin ar eispéireas an scoláire ar an gcúrsa, treochtaí reatha, treoir don dea-chleachtas maidir le IS, FGL éifeachtach, agus inbhainistitheacht. |
| **Na chéad chéimeanna eile** | Nuashonrú le déanamh ar an dréachtsonraíocht le plé an chruinnithe a léiriú. Roinnfear dréacht leis an Meitheal Forbartha Dé Luain an 12 Bealtaine, agus na breathnuithe agus tráchtanna deiridh faoin 19 Bealtaine.<br>Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis na baill as a bheith i láthair agus as a rannpháirtíocht ghníomhach ag gach ceann de na hocht gcruinniú. Is mór againn an ghairmiúlacht agus an t-ualach oibre breise mar chuid de agus taobh amuigh de na cruinnithe.<br><br>**An Chéad Chruinniú Eile:** Is é is dóichí ná go mbeidh an chéad chruinniú eile ag tús mhí na Samhna nó tús mhí na Nollag 2025 |